C/2025/825

4.2.2025

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2025/825)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

Ar leathanach 215, cuirtear isteach an nóta míniúcháin seo a leanas:

‘4401 49 10 Coirt agus dramhaíl táirgeachta, fuíoll, ábhar cuileáilte agus iarmhair

Cuimsítear leis an bhfo-cheannteideal seo seachtháirgí de phróiseáil lomán cruinn tionsclaíoch agus de mhonarú táirgí adhmaid, ar seachtháirgí iad nach féidir a úsáid mar adhmad.

Mar shampla, ábhar cuileáilte ó mhuilinn sábhadóireachta nó ó mhuilinn phlánála (leadhbanna adhmaid, ciumhaiseanna, gearrthóga etc.); dramhaíl mhonaraíochta eile (croíleacáin lomán veiníre, ábhar cuileáilte ó veinír, etc.); cláir bhriste; coirt agus scamhacháin; dramhaíl agus fuíoll eile a eascraíonn as siúinéireacht agus cearpantóireacht agus atá saor ó éilliú (trí scriúnna, tairní, péint, mar shampla).

Cuimsítear ruaimadhmad spíonta agus adhmad súdaireachta san fho-cheannteideal seo freisin.





4401 49 90 Eile

Cuimsítear leis an bhfo-cheannteideal seo dramhaíl adhmaid iarthomhaltais agus fuíoll adhmaid iarthomhaltais amhail sean-chliathbhoscaí agus seanphailléid nach bhfuil oiriúnach dá bhfeidhm a thuilleadh, dramhaíl adhmaid agus fuíoll adhmaid atá deighilte ó dhramhaíl tógála agus scartála (bíodh sé éillithe go meicniúil nó go ceimiceach nó ná bíodh) agus nach féidir a úsáid mar adhmad.’

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.